



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2022
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0196(COD)**

15650/22
ADD 1 REV 1 (en, de)

LIMITE

**AGRI 696
PESTICIDE 56
SEMENCES 38
AGRILEG 196
ENV 1253
PHYTOSAN 59
CODEC 1930**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	ST 14497/2/22 REV 2
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh lena gcomhlánófaí measúnú tionchair an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 - ráiteas ón nGearmáin

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabann leis seo ráiteas ón nGearmáin maidir leis an ábhar thuasluaite.

Ráiteas maidir le hítim I/A
‘Cinneadh ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí (SUR)’
15650/22 agus 15652/22

Tugann an Ghearmáin dá haire, i gcomhthéacs chogadh na hÚcráine agus na géarchéime aeráide atá ag dul i méid, go bhfuil tuilleadh faisnéise á iarraidh ag Ballstáit eile, go háirithe maidir le saincheistean slándála bia, chun an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí a chomhlánú.

Maidir leis an nGearmáin, tá sé ríthábhachtach — ar mhaithe le cinnteacht phleanála thapa don talmhaíocht agus don ghairneoireacht — nach mbeidh aon mhoill ar chaibidlíocht bhreise agus go ndéanfaí tuilleadh caibidlithe ar gach gné den togra le haghaidh rialacháin.

Ós rud é nach bhfuil an Cinneadh seo ón gComhairle curtha in iúl soiléir go leor, ní féidir leis an nGearmáin aontú leis an gCinneadh ón gComhairle.
